

# Plean Ceachta na Sinsear, 5

## Ón bhFéar go dtí do Mhéar

### Cuspóir

Chun feacht na ndaltaí ar thábhacht na feirmeoireachta déiríochta a fhorbairt, mar aon lena dtuiscint ar shaol an fheirmeora agus ar na próisis atá i gceist le táirgeadh déiríochta. Fad: **30 nóiméad** (nó mar sin).

### Naisc leis an gCuraclam

Tíreolaíocht:

Timpeallachtaí daonna ⇨ Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil/i gceantar codarsnach in Éirinn ⇨ Daoine ag obair




### Focail an Lae

**Dul ar féarach** – Ainmhithe, cosúil le ba, ag beathú ar fhéar atá ag fás.

**Paistéaradh** – An bainne á théamh go teocht ard ar feadh tréimhse ghearr ama (m.sh. 72 céim Celsius ar feadh 15 shoicind) agus ansin é a fhuarú go han-tapa.

**Homaiginiú** – Nuair a scaiptear na cáithníní uachtair i mbainne go cothrom ar fud an bhainne ionas nach n-ardóidh an t-uachtar chuig an mbarr.

**Bleánlann** – Foirgneamh ar fheirm dhéiríochta a úsáidtear chun ba a bhleán.



# Plé Ranga

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil aon eolas acu ar an bhfeirmeoireacht déiríochta cheana agus, má tá, iarr orthu é a phlé trí na ceisteanna seo a leanas a chur orthu:

- 1** Cad iad na cineálacha feirmeoireachta is féidir leat a ainmniú? (m.sh. curaíocht, beostoc, feirmeoireacht mheasctha, déiríocht).
- 2** Cad is feirmeoireacht déiríochta ann? (Is é an cineál feirmeoireachta a tháirgeann táirgí déiríochta cosúil le bainne, iógart agus cáis).
- 3** An raibh tú riamh ar fheirm dhéiríochta? Déan cur síos ar an méid a d'fheicfeá de ghnáth ar fheirm dhéiríochta (m.sh. ba, bleánlann, bliteoirí, sadhlas, féar).
- 4** Ag cuimhneamh siar ar Cheacht 1, Déiríocht i m'Aiste Bhia, an féidir leat aon táirgí a d'fhéadfaí a tháirgeadh ar fheirm dhéiríochta a ainmniú? (m.sh. bainne, cáis, iógart).

# Plé Beirte

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar conas a thugann feirmeoirí aire do na ba ar fheirm dhéiríochta. Iarr orthu a gcuid smaointe a phlé le dalta eile agus iarr ar gach beirt a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.

Leideanna plé:

- Tugann feirmeoirí easair do na ba le codladh uirthi.
- Mar gheall ar aeráid na hÉireann, is féidir le feirmeoirí ba a fhágáil chun dul ar féarach ar fhéar úr amuigh faoin spéir 240 lá sa bhliain ar an meán.
- Bogann feirmeoirí ba ó pháirc go páirc ionas go mbeidh go leor féir acu le hithe.
- Tugann feirmeoirí na ba isteach faoi dhíon agus an aimsir fuar sa gheimhreadh agus déanann siad cinnte de go mbíonn bia acu le hithe, amhail sadhlas agus grán buí.
- Coinníonn na feirmeoirí na bóithigh agus na bleánlanna deas glan.
- Déanann feirmeoirí cinnte de go dtagann tréidlia ar cuairt chuig an bhfeirm chun a chinntiú go bhfanann na ba sláintiúil.



# Gníomhaíocht Bheirte

Tosaigh le díospóireacht ranga ina n-iarrann tú ar na daltaí smaoineamh ar an bpróiseas táirgthe bainne i bhfeirm dhéiríochta. Déan nótaí de na príomhphointí ar an gclár bán.

Ansin tabhair cóip den bhileog ghníomhaíochta '**Ón bhFéar go dtí do Mhéar**' do gach dalta. Iarr orthu ina mbeirteanna breathnú ar 8 gcéim an phróisis táirgthe bainne 'Ón bhFéar go dtí do Mhéar' agus ansin uimhreacha a chur orthu chun iad a chur san ord ceart. Pléigh an t-ord ceart mar rang agus labhair trí gach ceann de na céimeanna sa phróiseas táirgthe bainne. \*(Tá an t-ord ceart ar leathanach 23).

## Gníomhaíocht Phearsanta

Iarr ar na daltaí ord ceart an phróisis táirgthe bainne a scríobh ina gcóipleabhar agus gach céim de a scríobh arís ina bhfocail féin.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe

- 1 Iarr ar na daltaí a shamhlú gur feirmeoirí déiríochta sainiúla iad atá díreach tar éis duine a fhostú chun dul ag obair ar a bhfeirm. Iarr orthu treoracha a scríobh maidir le bheith ag obair ar fheirm dhéiríochta chun cuidiú lena gcúntóir nua.
- 2 Iarr ar na daltaí a shamhlú gur feirmeoirí déiríochta iad agus a gcartán bainne féin a dhearadh.
- 3 Iarr ar na daltaí i ngrúpaí a bpóstaer féin 'Ón bhFéar go dtí do Mhéar' a chruthú le cur ar taispeáint ar fud na scoile.

## Tabhair leat abhaile é

Spreg na daltaí chun an teachtaireacht a thabhairt abhaile maidir lena thábhachtaí atá an fheirmeoireacht déiríochta. Mar obair bhaile, is féidir leat iarraidh ar na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- 1 Féach ar na táirgí déiríochta atá sa chuisneoir agus sainaithe an áit ar foinsíodh iad. Mar shampla, an bhfuarthas aon rud ó fheirm áitiúil?
- 2 An bhfuil gealltanais na Comhairle Náisiúnta Déiríochta '*Saothraithe i bPoblacht na hÉireann*' ar an mbainne sa chuisneoir?
- 3 An bhfuil aithne acu ar fheirmeoir déiríochta áitiúil?
- 4 Taifead cé mhéad lítear bainne a ólann gach ball den teaghlach le himeacht na seachtaine. Déan comparáid eatarthu.



# Ón bhFéar go dtí do Mhéar - 8 gCéim an Phróisis Táirgthe Bainne

**Céim 1** – Cothaítear ba ar fhéar úr cothaitheach.

**Céim 2** – Déantar ba a bhleán dhá uair sa lá sa bhleánlann. Stóráiltear an bainne a bhailítear faoi bhun 4° Celsius in umar bainne agus bailíonn tancaeir chuisnithe ón bhfeirm é gach 2-3 lá.

**Céim 3** – Sula mbailítear bainne ón bhfeirmeoir, glacann an tiománaí samplaí chun caighdeán an bhainne a thástáil.

**Céim 4** – Nuair a thagann an tiománaí chuig an déirí, pumpálann sé an bainne amach as an tancaer isteach i gcoimeádáin mhóra chuisnithe. Déantar an tancaer a ní go cúramach ar an taobh istigh agus ansin bíonn sé réidh chun tuilleadh bainne a bhailiú ar an lá dár gcionn.

**Céim 5** – Déantar tástáil ar cháilíocht agus glaineacht an bhainne arís sa déirí, ach is é oibrí saotharlainne a dhéanann an tástáil an uair seo.

**Céim 6** – Déantar bainne a phaistéaradh chun a chinntiú nach bhfuil frídíní ann. Is é Louis Pasteur a chum an paistéaradh agus is é atá i gceist leis ná an bainne a théamh go teocht ard ar feadh tréimhse ghearr ama (72° Celsius ar feadh 15 shoicind), agus ansin é a fhuarú go han-tapa. Déantar céim amháin eile i gcás cuid den bhainne, is é sin an homaiginiú.


**Céim 7** – Déantar an bainne a líonadh isteach i gcoimeádáin éagsúla ansin. Ina dhiaidh sin, luchtaítear leoraithe le crátaí bainne le seachadadh chuig an teach nó chuig an siopa. Déantar cuid de a sheachadadh go díreach chuig scoileanna.

**Céim 8** – Mar sin, an chéad uair eile a bheidh tú ag baint taitneamh as gloine bainne bhlasta, is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil tú ag ól deoch ar ardchaighdeán, atá idir nádúrtha agus chothaitheach.

# Lig scód le do chruthaitheacht!

Dear do Chartán Bainne Scoile féin.

Is féidir pictiúir d'fhéar, ba, nó feirmeoirí a chur ann, nó é a choinneáil deas simplí agus díreach steall bainne úir bhlasta a chur ann!



# Dúshlán Oidis

Déan iarracht dramhaíl a laghdú trí úsáid a bhaint as fuílleach torthaí agus glasraí. Is féidir caoineog álainn a dhéanamh le caora, bananaí, agus úlla lánaibí. Nó is féidir leat anraith de do chuid féin a chruthú le glasraí éagsúla atá ag sleabhcadh nó atá fágtha ag deireadh na seachtaine. Bí cinnte cabhair a fháil sa chistin nuair a bhíonn sceana géara agus fearais chócaireachta á n-úsáid agat. Bain taitneamh as!

## *Tarraing pictiúr anseo*

### **Comhábhair**

*(liosta comhábhar agus cainníochtaí, m.sh. leath oinniúin ghearrtha)*

### **Treoracha**

*(Déan cur síos ar cén chaoi an chaoineog nó an t-anraith a dhéanamh, m.sh. téigh an ola go réidh i sáspan agus cócaráil an t-oinniún go dtí go mbeidh sé bog)*